*Uimhir* 24 *de* 2020

# An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 24 *de* 2020

# AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht
3. Creidmheas Úsáide Ospidéil - leasú ar an méid a shonraítear
4. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
5. Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999
6. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)

Na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2019

An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)

*Uimhir* 24 *de* 2020

**AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2020**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Árachais Sláinte, 1994 d'fhonn méid na préimhe a íocfar as an gCiste um Chothromú Fiontar i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2021 a shonrú; do leasú an Achta sin d'fhonn méid an chreidmheasa úsáide ospidéil is infheidhme ón 1 Aibreán 2021 a shonrú; do dhéanamh leasú iarmhartach ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[16 *Nollaig* 2020]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Árachais Sláinte, 1994.

**Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 11C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), trí "1 Aibreán 2021" a chur in ionad "1 Aibreán 2020".

**Creidmheas Úsáide Ospidéil - leasú ar an méid a shonraítear**

**3.** (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad Sceideal 3:

"SCEIDEAL 3

AN MÉID A SHONRAÍTEAR CHUN CRÍOCHA AN MHÍNITHE AR 'CREIDMHEAS ÚSÁIDE OSPIDÉIL'

1. Le haghaidh seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar ar bhonn cóiríocht thar oíche – €125 in aghaidh na hoíche.

2. Le haghaidh seirbhísí d'othair chónaithe a sholáthar ar bhonn cásanna lae – €75.".

(2) Ní bheidh feidhm ag Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, arna ionadú le *fo-alt (1)*, ach amháin i gcás conradh árachais sláinte a dhéanfar nó a athnuafar an 1 Aibreán 2021 nó dá éis (agus, dá réir sin, leanfaidh an Sceideal sin, mar a bheidh sé i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, d'fheidhm a bheith aige i gcás conradh árachais sláinte a dhéanfar nó a athnuafar an 1 Aibreán 2020 nó dá éis ach roimh an 1 Aibreán 2021).

**Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

**4.** Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 2:

"TÁBLA 2

NA MÉIDEANNA IS INFHEIDHME AN 1 AIBREÁN 2021 NÓ DÁ ÉIS

| **An Aicme Duine Árachaithe** | Méid na préimhe a íocfar as an gCiste |
|---|---|
| Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |

| | |
|---|---|
| Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €350 |
| Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,025 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €200 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €550 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €550 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,675 |
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €400 |
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,150 |
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €825 |

| | |
|---|---|
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,500 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €625 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,800 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,025 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €3,150 |
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €700 |
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,250 |
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,250 |
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €3,750 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €825 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,550 |

".

**Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999**

**5.** Leasaítear alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ráta sonraithe":

"ciallaíonn 'ráta sonraithe'—

(a) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Aibreán 2020 nó dá éis agus an 31 Márta 2021 nó roimhe—

(i) €52 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €150 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €157 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €449 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

agus

(b) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Aibreán 2021 nó dá éis—

(i) €52 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €150 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €157 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €449 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach.".

**Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú**

**6.** (1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) (a) Tiocfaidh *alt 5* i ngníomh an 1 Eanáir 2021.

(b) Tiocfaidh *ailt 2, 3* agus *4* i ngníomh an 1 Aibreán 2021.

(3) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2020 a ghairm de na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2019 agus den Acht seo (seachas *alt 5*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 7/22. Essentra. (92313). Gr.30-15.

9 781399 302630